AN GEAITÍN - AIBREÁN '25

Nuachtlitir LPT Ghaeltacht na Mí



Comóradh 90 Bliain Ráth Chairn

Míle buíochas le foireann Scoil Uí Ghramhnaigh as ócáid a eagrú ar an 31ú Márta chun Comóradh 90 Bliain Ráth Chairn a chéiliúradh. Rothaigh daltaí na bunscoile agus na meánscoile ón bpáirc spraoi chomh fada leis an mbunscoil i gcuimhne ar na daoine a rothaigh ó Chonamara go Baile Cliath i 1934 chun an cheist talún a phlé leis an Taoiseach Éamon de Valera. Bunaíodh Gaeltacht Ráth Chairn i Mí Aibreáin 1935 tar éis an phlé seo agus tá an rothar ina shiombal anois ag an bpobal ar an turas sin go Baile Átha Cliath.

www.gaeltachtnami.ie COISTE PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHT NA MÍ

An bhfuil gnó beag Gaeltachta agat?
An gcuireann tú seirbhís trí Ghaeilge ar fáil?
An bhfuil do ghnó lonnaithe
i nGaeltacht na Mí?

Tá Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí ag cur síntiús ar fáil do gnóthaí beaga Gaeltachta sa limistéar chun tacú le forbairt ghnó trí Ghaeilge.

Spriocdháta: 30ú Aibreán 2025 @5in

Déan teagmháil le hUrsula ag ursula@gaeltachtnami.ie nó glaoigh ar 085 1922125 le haghaidh tuilleadh eolais.

Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí

Comharchumann Ráth Chairn



Oscailt Oifigiúil Halla Bhaile Ghib

Beidh oscailt oifigiúil Halla Bhaile Ghib ar siúl Dé hAoine, 25ú Aibreán ag 7in. Ba mhaith leis an gcoiste cloisteáil ó aon duine a bhfuil sean-phictiúirí nó aon rud a bhaineann leis an Halla thar na mblianta acu. Tá an-áthas ar Choiste an Halla agus ar Chumann Bhulf Tón maidir leis an obair iontach atá déanta ar an gcarrchlós. Míle buíochas leis na daoine ón dá choiste a rinne sár-obair chun an maoiniú a fháil. Buíochas faoi leith le Tomás Byrne TD, le hÉamonn Mac Goill ó Roinn na Gaeltachta, agus le Alan Carroll agus a chuid oibrithe a rinne an obair. Tá Cumann Bhulf Tón an-ghnóthach faoi láthair agus iad ag ullmhú do chluichí Chomórtas Peile na Gaeltachta a bheidh ar siúl i bPáirc Bhaile Ghib le linn an deireadh seachtaine 30ú Bealtaine - 2ú Meitheamh.

Oíche Chomórtha ar ár nOidhreacht agus ár nDúchas

Tar éis ceithre scór go leith bliain, tá grá don sean-nós fós an-láidir i Rath Chairn. Ar an 22ú Feabhra, bhí oíche den scoth san Ionad Oidhreachta, eagraithe ag Comhaltas Tlachtga i gcomhair leis an gCoiste Oidhreachta. Tháinig triúr as Conamara: Bríd Ní Mhaolchiaráin, Colm Jimmy agus Caitlín Ní Chualáin chun a gcuid amhráin a roinnt le muintir Rath Chairn. Chomh maith leo siúd, bhí Éamon Ó Donnchadha agus Nollaig Ní Laoire i láthair – agus Corn Uí Riada buachta ag gach duine acu, faoi thrí ag Bríd agus Éamon. Bhí Mairéad Ní Cheallaigh mar bhean a 'tí don ócáid agus chuir sí go mór leis an oíche. Bhí atmaisféar draíochtúil ann agus meas faoi leith ag gach duine ar na hamhráin agus ar na hamhránaithe. Is áit an-fheiliúnach í an tIonad Oidhreachta d'ócáidí mar seo. Chuir an Coiste Oidhreachta fáilte chroíúil roimh gach éinne agus bhí oíche go maidin ina dhiaidh.

Gailearaí

Lá Fhéile Pádraig i Ráth Chairn

Lá Fhéile Pádraig i mBaile Ghib

Lá Idirnáisiúnta na mBan in óstán Darnley

IMEACHTAÍ SEACHTAINIÚLA

Dé Luain: Ceardlanna drámaíochta do dhaltaí bunscoile, 3-4in, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Luain: Ceachtanna feadóg stáin, 7.30-8.30in, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Máirt: An Grúpa Folláine, 7.30-8.30in, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Máirt: An Grúpa Cniotála, 7.00in, An Seomra Teaghlaigh, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Máirt: Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, 7.30in, Coláiste Pobail Ráth Chairn
Dé Céadaoin: Ranganna amhránaíochta ar an sean-nós do dhaltaí bunscoile & meánscoile, 3-5in, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Céadaoin: Liathróid Láimhe Oilimpeach do ghasúir 11-12 bliana, 6.00in-7.30in, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Céadaoin: Ranganna Damhsa Seit, 8-9in, Áras Pobail Ráth Chairn
***Dé Céadaoin*:** Ciorcal comhrá, 8-9in, Áras Pobail Ráth Chairn
Déardaoin: Ranganna amhránaíochta ar an sean-nós do dhaoine fásta, 7.30-8.30in, Áras Pobail Ráth Chairn
***Déardaoin*:** Ranganna comhrá Gaeilge, 7-9in, Halla Bhaile Ghib.
Déardaoin: Seisiún ceoil, 8.00in, Club Ráth Chairn
Déardaoin: Ranganna Gaeilge ar líne do thuismitheoirí, sheanthuismitheoirí agus d'fheighlithe linbh, 8in
Dé hAoine: Rince Ghaelach le Gráinne, 3.00in, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Sathairn: Gligíní - grúpa spraoi do pháistí réamhscoile, 10rn, Áras Pobail Ráth Chairn
Dé Sathairn: Comhrá Teaghlaigh - Grúpa spraoi do pháistí réamhscoile, 10rn, Halla Bhaile Ghib
***Dé Domhnaigh*:** Seisiún Ceoil na nÓg, 11.00rn, Áras Pobail Ráth Chairn

Leanaigí muid ar na meáin shóisialta don nuacht is déanaí faoin bplean teanga agus faoi imeachtaí atá ag teacht aníos.
Follow us on social media for all the latest news on the language plan and information about upcoming events.

Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí

Comharchumann Ráth Chairn

ursula@gaeltachtnami.ie 085 1922125 www.gaeltachtnami.ie
Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí
@pleanteanga @pleanteanga